



Cóireáil Uisce

Bileog Eolais
03

Réamhrá

Chomh luath agus atá an t-uisce cruinnithe, nílimid in ann é a ól go díreach mar sin gan a chinntiú go bhfuil sé íonghlan agus slán.

B'fhéidir go sileann tú go bhfuil an bháisteach íonghlan, ach faoin am a bhfuil sí i ndiaidh titim trí aer truailithe, agus rith sna sráideanna, síos cnoic nó trasna páirceanna draoibeacha, tá a lán salachair tógtha aici ar feadh an bhealaigh.

Tá cóireáil an uisce chomh tábhachtach sin siocair go mbainfear miocroorgánaigh amhail calar, tíofóideach agus dinnireacht amach as an mbáisteach. Chun a chinntiú nach rachaidh ach an t-uisce is airde caighdeán isteach sna sconnáí, tóghtar samplaí le linn na cóireála agus an chórais dáileacháin. Déantar anailís ar na samplaí sin i saotharlann.

An Próiseas Cóireála

Go ginearálta, tá uisce na habhann níos salaí ná an screamhuisce agus ní mór sin a chóireáil go cúramach críochnúil. Tarlaíonn sé uaireanta go nglantar an screamhuisce go nádúrtha mar a théann sé ag sileadh tríd an ithir agus trí na carraigeacha.

Céimeanna sa phróiseas cóireála - Féach an pictiúr den Ghléasra Cóireála Uisce thall



A Déantar uisce abhann a scagadh den chéad uair ag pointí ionghabhála chun aon bhruscarnach a ghabháil atá ar snámh ann. Leis sin, cuirimid an t-uisce trí umair mhóra nuair a chuirtear roinnt ceimiceán amhail Alúm isteach leis. Foirmítear leis an alúm cáithníní bídeacha greamaitheacha a chruinníonn le chéile go mall, rud a bhaineann amach dath agus salachar atá ar fuaidreamh ann. **Téachtadh** a thugtar air sin.

B Éiríonn an salachar agus an t-alúm – floca a thugtar air anois – trom go leor chun titim go tóin an umair. **Dríodrúchán** a thugtar air sin.



Próiseas Cōireála Uisce

- A** Téachtadh
- B** Dríodrúchán
- C** Scagachán
- D** Dighalrú
- E** Taiscumar Seirbhíse



- C** Ansin cuirtear an t-uisce trédhearcach atá ar an uachtar trí scagairí a dhéantar as gaineamh agus gairbhéal agus is iad a bhaineann deireadh ‘an ábhair ar fuaidreamh’. **Scagachán** a thugtar air sin.
- D** Cuirtear ceimiceán darb ainm clóirín leis chun deireadh na bhfrídíní a mharú. Déantar samplaí an uisce chóireálte a thástáil chun a chinntiú go bhfuil siad íon agus go bhfuil siad ag cloí leis an gcaighdeán ceart.
- E** Cuirtear an t-uisce glan i dtaisce in umar ollmhór a dtugtar **taiscumar seirbhíse** air. Nuair atá uisce de dhíth, aistrítear é trí líonra ollmhór de pháipí amach chuig tithe, oifigí, monarchana agus chuig do scoil féin!

Titeann leibhéil an taiscumair i rith an lae nuair a dhéantar an t-éileamh is airde. San oíche nuair atá an t-éileamh íseal, tá an t-am ann chun an taiscumar seirbhíse a athlónadh le huisce ó na hoibreacha cóireála. Nuair a thiocfaidh an mhaidin, beidh sé lán agus réidh chun riar ar riachtanais an lae nua.